

AGUISÍN

Aguisín a ghabhann leis an nGlaio ar léiriú spéise le haghaidh baill foirne ar conradh sna grúpaí feidhme agus sna próiflí seo a leanas:

Leathanach 1

Indiaidh

EPSO/CAST/P/19/2018 - Oibríthe cúraim do leanaí Grúpa Feidhme II

Cuir leis

EPSO/CAST/P/20/2018 - Síceolaithe Oideachais – Grúpa Feidhme IV

Leathanach 7

Faoi bhun

IARSCRÍBHINN I – DUALGAIS

Cuir leis

GRÚPA FEIDHME IV Síceolaithe Oideachais (leanaí 0-14 bliana d'aois)

- a. Gníomhú mar shaineolaí ar an tsíceolaíocht oideachais sa naíolann agus/nó san ionad iarscoile agus páirt a ghlacadh in ullmhú comhad áirithe a bhaineann leis an bhfeidhm sin.
- b. Dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar obair na n-altraí naíolainne, na mball foirne naíscoile agus/nó na múinteoirí/oideachasóirí, chun cuidiú leo a gcuid oibre oideachasúla a dhéanamh.
- c. Cuidiú a thabhairt oiliúint leanúnach i leith ceisteanna oideachais a chur ar fáil chun gairmiúlacht na foirne oideachais a láidriú.
- d. Bainistiú a dhéanamh ar mheasúnú agus cur chun feidhme/feabhsú an phlean oiliúna agus ar eagrúchán gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann le hoideachas.
- e. Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ghinearálta na leanaí, féachaint chuige go mbeidh na cúinsí is fearr ar bun is féidir a bheith ann maidir le leas na leanaí sa naíolann nó san ionad iarscoile.
- f. Na tuismitheoirí a chur ar an eolas, le linn cruinnithe a reáchtálfar chuige sin, faoi ghníomhaíochtaí a gcuid leanaí chun caidreamh muiníne agus comhpháirtíochta a chothú leo.
- g. Bearta a dhéanamh i gcásanna áirithe chun na cúinsí a fheabhsú agus chun folláine na leanaí a chinntiú arna iarraidh sin ag altraí naíolainne, baill foirne naíscoile agus/nó na múinteoirí/oideachasóirí, tuismitheora nó ar a thionscnamh féin.
- h. Athruithe ar an eagrú ginearálta a mholadh chun feabhas a chur ar cháilíocht oideolaíoch na hoibre, ar shaol na leanaí sa naíolann agus/nó san ionad iarscoile agus ar an tseirbhís do thuismitheoirí.
- i. Teagmháil bhuan a choinneáil ar bun, go comhpháirteach nó ar bhonn aonair, leis na haltraí naíolainne, le baill foirne naíscoile agus/nó le múinteoirí/oideachasóirí, chun a chinntiú go mbeidh na baill foirne teagaisc comhsheasmhach le chéile ó thaobh oideachais de.
- j. Moltaí a cheapadh agus a mholadh i leith na ngnéithe éagsúla den eagrú ginearálta, lena n-áirítear ábhar a roghnú agus a fháil, chun dea-thionchar a imirt ar cháilíocht bheatha na leanaí agus ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do na tuismitheoirí.

- k. Féachaint chuige go gcuirfear chun feidhme mar is ceart an ráiteas misin oideachais.
- l. Páirt a ghlacadh, más gá, i mbearta comhordúcháin idir naíolanna agus ionaid iarscoile.

Na prionsabail eile go léir atá leagtha amach sa Ghlao, beidh feidhm acu *mutatis mutandis* maidir le Síceolaithe Oideachais Grúpa Feidhme IV.